

**Aonad 3:**

**Mothúcháin**

## Aonad 3: Mothúcháin

### Cuid 1: Filíocht, Pictiúir Reoite agus Péintéireacht

Gaeilge	Labhairt	Ag cothú spéise Ag tuiscint teanga Ag úsáid teanga
Béarla	Competence and confidence in using oral language	Oral language
Na hAmharcealaíona	Péint agus dath	Péinteáil Breathnú agus freagairt
Drámaíocht	Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú	Iniúchadh agus déanamh drámaíochta Comhoibriú agus cumarsáid in ndéanamh drámaíochta
OSPS	Mise Mise agus Daoine Eile	Braistinití agus mothúcháin Mo chairde agus daoine eile

#### **Gníomhaíochtaí:**

- "The Dark", dán le James Carter
- Pictiúir reoite ón dán
- Spéir na hOíche

#### **Cuspóirí:**

1. Éisteacht leis an dán agus freagraí a thabhairt air.
2. Pictiúir reoite a chruthú de na híomhánna sa dán.
3. Péintéireacht a dhéanamh de spéir na hoíche.

#### **Gníomhaíocht 1: "The Dark", dán le James Carter**

**Cuspóir foghlama:** *Éisteacht leis an dán agus freagraí a thabhairt air.*

**Ábhair:** "The Dark" le James Carter. Tá cóip den dán ag deireadh na gníomhaíochta seo.

<http://www.jamescarterpoet.co.uk/poems.html#thedark>

- Léigh an dán leis an rang. Is féidir an dán a thaispeáint ar an gClár Bán Idirghníomhach freisin.
- Cuir ceisteanna ar an rang: Cad a thaitin leat faoin dán? Cén phictiúir a rinne an file? Cad a bhí sa samhlaíocht agat agus tú ag éidteacht leis? Conas a chuireann an file síos ar an dorchadas?
- Léigh an dán arís agus tabhair seans don rang é a léamh ar an gClár freisin.
- Ceisteanna: Cén rímeanna a bhí sa dán? An aontaíonn tú leis an bhfile, go mb'fhéidir go bhfuil eagla ar an dorchadas roimh an solas?
- **Pointe Plé:** Cad iad na mothúcháin a spreag an dán ionat? Cén fáth go mbíonn eagla ar dhaoine roimh an dorchadas, uaireanta? Is féidir na freagraí anseo a fhorbairt sa ghníomhaíocht 'Am an Chiorcail', Aonad 3, Cuid 3.

## The Dark

Why are we so afraid of the dark?  
It doesn't bite and doesn't bark  
Or chase old ladies round the park  
Or steal your sweeties for a lark

And though it might not let you see  
It lets you have some privacy  
And gives you time to go to sleep  
Provides a place to hide or weep

It cannot help but be around  
When beastly things make beastly sounds  
When back doors slam and windows creak  
When cats have fights and voices shriek

The dark is cosy, still and calm  
And never does you any harm  
In the loft, below the sink  
It's somewhere nice and quiet to think

Deep in cupboards, pockets too  
It's always lurking out of view  
Why won't it come out till it's night?  
Perhaps the dark's afraid of light

Copyright © James Carter  
Winning poem of the Raymond Wilson Poetry Competition 2001  
From *Cars Stars Electric Guitars* (Walker Books)  
Reproduced by permission of Walker Books Ltd

## **Gníomhaíocht 2:** Pictiúir reoite ón dán

**Cuspóir Foghlama:** *Pictiúir reoite a chruthú de na híomhánna sa dán.*

Cóirithe ó <http://www.dramatoolkit.co.uk/drama-strategies/tableau-or-still-image>

- Leanann an ghníomhaíocht seo ó Ghníomhaíocht 1 ach is féidir é a dhéanamh lá eile.
- Léigh an dán leis an rang arís agus taispeáin ar an gClár Bán é.
- Inniú beidh an rang ag cruthú Pictiúir Reoite (freeze frames) de na híomhánna ón dán. Roinn an rang i ngrúpaí beaga. Beidh véarsa amháin ag gach grúpa.
- Taispeáin, le grúpa amháin, conas a dhéanfá pictiúr/pictiúir den chéad véarsa. Is féidir an véarsa a bhriseadh i línte agus pictiúr amháin a dhéanamh do gach líne freisin.
- Ceisteanna: Conas gur féidir linn é sin a thaispeáint? Cé atá ag caint? Cad ba mhaith linn go bhfeicfidh an lucht féachana? Cén chuma a bheidh orthu? Cén aghaidh a bheidh orthu? Cén fáth?
- Tabhair 5-7 nóiméad do na grúpaí a bpictiúr a chruthú. Meabhraigh na ceisteanna thuas dóibh.
- Féach ar na pictiúir in ord an dáin. Is féidir leis an múinteoir/páiste an véarsa a léamh amach.
- Iarr an rang aischothú a dhéanamh dóibh féin sna grúpaí beaga - dhá réalta do na rudaí a bhí go maith agus iad ag obair i ngrúpaí agus mian amháin/píosa comhairle chun é a fheabhsú an chéad uair eile.
- Pointe Plé: Is féidir an ghníomhaíocht seo a fhorbairt agus gluaiseacht a chur idir na pictiúir.

## **Gníomhaíocht 3:** Spéir na hOíche

**Cuspóir Foghlama:** *Péintéireacht a dhéanamh de spéir na hoíche.*

Ábhair: Páipéar, péinteanna: gorm, bán, buí, donn, glas, dubh, potaí agus scuabanna.

- Taispeáin 'The Starry Night' ar an gClár Bán Idirghníomhach.
- Fiafraigh den rang cad atá le feiceáil sa phéintéireacht. Cad a bhí an ealaíontóir ag taispeáint dúinn?

- Ullmhaigh an seomra ranga don phéintéireacht - nuachtáin, clúdaigh agus naprúin.
- Is féidir leis an múinteoir sampla a dhéanamh agus taispeáint don rang conas na dathanna a mheascadh.
- Tabhair seans do na páistí triail a dhéanamh le dathanna éagsúla. B'fhéidir gur mhaith leo imlíne a tharraingt agus ansin péinteáil.
- Is féidir obair na bpáistí a roinnt i nGailearaí nó ag úsáid 'Cathaoir an Ealaíontóra'.

MOMA – The Museum of Modern Art, Vincent Van Gogh “The Starry Night”, (2015) Ar fáil ó:

[http://www.moma.org/collection/object.php?object\\_id=79802](http://www.moma.org/collection/object.php?object_id=79802)

## Cuid 2: Gearrscannán Beochana, Ár Mothúcháin agus Amhrán

Gaeilge	Labhairt Scríbhneoireacht	Ag cothú spéise Ag cothú fonn scríbhneoireachta
Béarla	Competence and confidence in using oral language	Oral language
Na hAmharcealaíona	Líníocht	Líníochtaí a dhéanamh Breathnú agus freagairt
Ceol	Léiriú	Amhránaíocht
Drámaíocht	Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú	Léirsmaoineamh ar dhrámaíocht
OSPS	Mise Mise agus Daoine Eile	Braistintí agus mothúcháin Caidreamh le daoine eile

### **Gníomhaíochtaí**

- 'La Luna', Gearrscannán Beochana
- An t-amhrán 'Happy' le focail
- "Bíonn áthas orm nuair a ...": Leabhrán

### **Cuspóirí:**

1. Féachaint ar, éisteacht le agus freagraí a thabhairt ar an Gearrscannán Beochana.
2. Éisteacht leis an amhrán agus geatsaíocht a chur leis.
3. Leabhrán beag a chruthú maidir le cad a chuireann áthas orm.

### **Gníomhaíocht 1: 'La Luna', Gearrscannán Beochana**

**Cuspóir Foghlama:** Féachaint ar, éisteacht le agus freagraí a thabhairt ar an Gearrscannán Beochana.

Is féidir 'La Luna', ó Disney Pixar, a fheiceáil ar líne:

<https://www.youtube.com/watch?v=AzNio77XA8k>

- Taispeáin an gearrscannán don rang (7 nóiméad) ar an gClár Bán Idirghníomhach.

- Stop an scannán ag pointí áirithe agus cuir ceist ar na páistí conas a mhothaíonn na carachtair.
- Ceisteanna samplacha: Conas a mhothaíonn an buachaill nuair a fheiceann sé an ghealach? Conas a mhothaíonn an bheirt uncail mar gheall an an ngealach? Conas a mhothaíonn an buachaill mar gheall ar a bheith ag glanadh na gealaí? Conas a mhothaíonn an bheirt uncail ag deireadh an scannáin? Cad a dhéanfá dá mbeadh ort an ghealach a ghlanadh?
- **Pointe Plé:** Samhlaigh gur tusa a buachaill a ghlan an ghealach. Scríobh cárta poist ón ngealach ag cur síos ar cad a rinne tú agus conas a mhothaigh tú.

**Gníomaíocht 2:** An t-amhrán 'Happy' le focail.

**Cuspóir Foghlama:** *Éisteacht leis an amhrán agus geatsaíocht a chur leis.*

Ar fáil ó:

[http://www.schooltube.com/video/de3cb34042944a30a113/Happy\\_Song](http://www.schooltube.com/video/de3cb34042944a30a113/Happy_Song)

- Seinn an t-amhrán 'Happy' don rang. Is féidir an t-amhrán a sheinn le ceol amháin nó le ceol agus an físeán.
- Iarr ar an rang smaoineamh ar gheatsaíocht a chuireann leis an amhrán.
- Roinn an grúpa i 5 ghrúpa agus iarr ar gach grúpa geatsaíocht a chumadh don chúrfá.
- Taispeáin obair na ngrúpaí don rang iomlán agus cruthaigh geatsaíocht/damhsa a théann leis an amhrán go léir.
- Cas an t-amhrán agus déan an gheatsaíocht leis an rang go léir.

**Gníomhaíocht 3:** "Bíonn áthas orm nuair a ... ": Leabhrán

**Cuspóir Foghlama:** *Leabhrán beag a chruthú maidir le cad a chuireann áthas orm.*

- Ag suí i gciorcal mór, iarr ar na páistí smaoineamh ar cad a chuireann áthas orthu.
- Smoainigh ar *cén fáth* a chuireann sin áthas orthu. B'fheidir, ag súgradh leis na cairde ag am sosa? Cén fáth go gcuireann sin áthas orthu?
- I bpéireanna, iarr orthu na smaoite seo a roinnt le chéile. Cad a chuireann áthas orthu? Cén fáth? Ansin, roinn na smaoite le chéile



i giorcal. "Bíonn áthas orm nuair a bhím ag léamh an leabhair is fearr liom." "Bíonn áthas orm agus mé ag ithe uachtar reoite."

- Taispeán don rang conas leabhrán beag a dhéanamh le leathanach A4 - ag filleadh an leathanaigh i ndá chuid nó i gceithre chuid. Is féidir na smaointe a scríobh ar na leathanaigh bheaga le pictiúir ann freisin.
- Is féidir Leabhrán a dhéanamh don rang iomlán agus/nó Leabhráin a dhéanamh do gach páiste.
- Taispeáin na Leabhráin i Leabharlann an tSeomra agus b'fhéidir tabhair deis do na páistí a Leabhrán pearsanta a thabhairt abhaile leo.

### Cuid 3: Scéal, Eagla, Plé

Gaeilge	Labhairt	Ag cothú spéise Ag úsáid teanga Ag tuiscint teanga
Béarla	Competence and confidence in using oral language	Oral language
Na hAmharcealaíona	Líníocht	Ag déanamh líníochtaí
OSPS	Mise  Mise agus Daoine Eile  Mise agus an Domhan Mór	Braistintí agus mothúcháin Sábháilteacht Phearsanta Caidreamh le daoine eile Ag forbairt saoránachta
Drámaíocht	Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú	Iniúchadh agus déanamh drámaíochta Comhoibriú agus cumarsáid i ndéanamh drámaíochta

#### Gníomhaíochtaí:

- "I Need my Monster" by Amanda Noll
- Am Ciorcail
- Postaer

### **Cuspóirí:**

1. Féachaint ar agus éisteacht leis an scéal, agus freagraí agus ceisteanna a chumadh.
2. Éisteacht lena chéile agus plé a dhéanamh le meas ar a chéile.
3. Postaer a chruthú le comhairle maidir leis an Eagla.

### **Gníomhaíocht 1: " I Need my Monster" by Amanda Noll**

**Cuspóir Foghlama:** Féachaint ar agus éisteacht leis an scéal, agus freagraí agus ceisteanna a chumadh.

Tá an scéal seo ar fáil ar:

<http://www.storylineonline.net/i-need-my-monster/>

- Taispeáin an clúdach (den scéal) don rang ar an gClár Bán Idirghníomhach nó ar Ríomhairí agus iarr orthu buile faoi thuairim a thabhairt ar cad a bheidh sa scéal.
- Éist leis an scéal. Is féidir stop a chur leis am ar bith is mian leat agus ceisteanna a chur ar na páistí faoi na *monsters* atá ag an mbuachaill.
- Nuair atá an scéal críochnaithe, fiafraigh den rang cad a thaitin leo/nár thaitin leo faoin scéal. Cén fáth?
- **Pointe Plé:** An raibh *monster* ag an mbuachaill faoin leaba i ndáiríre? Cén chomhairle a thabharfá don bhuachaill agus é ag iarraidh dul a chodladh?

### **Gníomhaíocht 2: Am Ciorcail: ag caint faoi Eagla**

**Cuspóir Foghlama:** Éisteacht lena chéile agus plé a dhéanamh le meas ar a chéile.

- Iarr ar an rang suí i gCiorcal mór le haghaidh Am Ciorcail. Lean rialacha an tSeomra Ranga do Am Ciorcail: éisteacht, meas ar a chéile srl. Is féidir rud éigeana chur timpeall an chiorcail le taispeáint cé a bheidh ag caint - bata/dearcán/microphone.
- Fiafraigh den rang cad atá i gceist nuair a bhíonn eagla ar dhaoine? Cad is eagla ann? Éist le smaointe na bpáistí.
- Cén chuma atá ar an eagla? Conas a mhothaíonn sé, i do chorp, nuair a bhíonn eagla ort? An bhfuil fuaimeanna leis?

- Sa dráma, *Dorchadas Draíochta*, cad a chuir eagla ar Shéamas? Cad a rinne sé nuair a bhí eagla air? Cad a déarfá leis le go mothódh sé níos fearr?
- B'fhéidir go mbeidh roinnt páistí sásta labhairt faoi na rudaí a chuireann eagla orthu. Bí cinnte go mbeidh meas ar na páistí eile ar an méid a deirtear. Cén chomhairle gur féidir a thabhairt dá chéile.
- Críochnaigh Am Ciorcail le dhá smaoinreamh ón rang maidir le cad is féidir a dhéanamh má bhíonn eagla ort.
- **Pointe Plé:** Cuir i gcuimhne don rang gur féidir leo, nuair a bhíonn eagla orthu, labhairt le duine fásta, tuismitheoir, caomhnóir, múinteoir nó duine fásta eile a bhfuil muinín acu iontu.

### **Gníomhaíocht 3:** Postaer a dhéanamh

**Cuspóir Foghlama:** *Postaer a chruthú le comhairle maidir leis an Eagla*

- "Nuair a bhí muid ag déanamh Am Ciorcail, labhair muid faoi na rudaí a chuireann eagla orainn agus cad is féidir a dhéanamh nuair a bhíonn eagla ort."
- Déan sampla de phostaer dar teideal: "Nuair a bhíonn eagla orm is féidir liom ..."
- Is féidir leis na páistí obair ina n-aonar nó i bpéireanna chun pictiúir agus focail a chur ar na postaeir.
- Is féidir na postaeir a chur ar taispeáint sa seomra nó sa scoil.

